Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 30

# Talmhaíocht, Bia agus Muir

## Réamhrá

Tá ceanglas orm i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 30 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an cheanglais sin, tá an cuntas iniata ullmhaithe agam i leith an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 ar thuarastail agus ar speansais in Oifig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus deontais, fóirdheontais áirithe a íoc, agus maidir le deontais áirithe a íoc faoi scéimeanna airgead teoranta agus obair fheabhsúcháin ar Inis Sionnach.

Déantar comparáid idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna

a) a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2019, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasuithe i gcabhair, agus
b) a cuireadh ar fáil do sheirbhísí soláthair chaipitil in 2019 as leithreasuithe 2018 nár caitheadh, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear barrachas €78.629 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Imlitir 27 de 2019 i bhfeidhm nuair a bhí an cuntas seo á ullmhú, seachas sna cásanna seo a leanas:

***Sócmhainní caipitil***

Tá sceideal faoin talamh agus faoi na foirgnimh ar fad arna riar ag an Roinn iarcheangailte leis an gcuntas, in Aguisín A. De bharr nach bhfuil luachálacha do na maoine sin go léir ar fáil, áfach, níl siad san áireamh sa ráiteas ar shócmhainní caipitiúla.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Admhaím go bhfuil de fhreagracht orm, i m'Oifigeach Cuntasaíochta dom, a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh ar bun agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Is mar seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe leibhéal seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar feidhm párolla agus acmhainní daonna comhlíonta agam.

Tuairiscím i litir iontaofachta ó Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i soláthar na seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid de:

- Freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a chur orm i ndáil leis na freagrachtaí atá orm maidir leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.
- Doiciméadú á dhéanamh ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann na nithe seo a leanas:

- tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí,
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras ICT a chinntiú
- tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní bainistíochta tionscadail foirmeálta i bhfeidhm

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim iomchuí ar an dea-chleachtas maidir le cúrsaí soláthair agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh na dtreoirlínte agus na reachtaíochta ábhartha a chinntiú. Mar sin féin, tá 98 gconradh arbh ionann a luach agus €14,283,712, a bronnadh gan phróiseas iomaíoch, fógartha i dtuairisceán Imlitir 40/2020 ós rud é go sáraíonn caiteachas in aghaidh na gconarthaí sin na tairsí tuairiscithe €25,000 (mar atá leagtha amach in Imlitir 40/2020).

- Tugadh faoi sholáthar arbh ionann a luach agus €10,489,674 gan phróiseas iomaíoch ach meastar é a bheith comhlíontach ós rud é go dtagann an t-údar a bhí leis na conarthaí sin a bhronnadh gan phróiseas iomaíoch laistigh de na heisceachtaí i ndáil le soláthar a cheadaítear i reachtaíocht náisiúnta agus AE.
- Tugadh faoin soláthar a bhí fanta, arbh ionann a luach agus €3,794,038, chomh maith gan phróiseas iomaíoch ach ní mheastar seo a bheith comhlíontach ós rud é nach raibh na conarthaí faoi réir athbhreithniú neamhspleách sular bronnadh an conradh.

Tá an Roinn tiomanta do leibhéal na soláthairtí neamhchomhlíontacha a dtugtar fúthu a laghdú go suntasach agus leanann de bheith ag obair go dlúth leis an Oifig um Sholáthar Rialtais agus leis an tSeirbhís um Sholáthar Oideachais d'fhonn riachtanais i ndáil le soláthar ar leith a sholáthar. Bhí an Roinn i mbun creataí atá ar fáil go lárnach nuair is cuí. Tá acmhainní soláthair á ndíriú ar phríomhréimsí maidir le neamhchomhlíontacht ar bhealach atá leagtha amach go córasach laistigh den Roinn.

***Iniúchadh inmheánach agus Coiste iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar suas tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Tá roinnt bealaí ag an Roinn le hathbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar a córais rialaithe agus bhainistíochta airgeadais ar bhonn leanúnach. Áirítear orthu sin a Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a Coiste Iniúchta agus a córas bainistíochta riosca.

Déanann an Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a bhfuilim i mo chathaoirleach air, athbhreithniú ar thorthaí iniúchta AE agus déanann monatóireacht ar an dul chun cinn atáthar a dhéanamh maidir le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna rialaithe aitheanta agus maidir le ceanglais chreidiúnaithe atá leagtha síos faoi rialachán a bhaineann le gníomhaireachtaí íocaíochta an AE a chomhlíonadh.

Bíonn an Roinn faoi réir raon iniúchtaí ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag an aonad iniúchta inmheánaigh, ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ag Coimisiún an AE agus ag comhlacht deimhniúcháin neamhspleách - cuideachta chuntasaíochta ghairmiúil - a dheimhníonn na cuntais bhliantúla EAGF agus EAFRD. In 2019, bhí an Roinn faoi réir tuairim is 2,353 daonlaethanta iniúchta ag na comhlachtaí sin. Chuir mé dearbhú bainistíochta ar fáil don chomhlacht deimhnithe maidir le cuntais bhliantúla AE mar a éilítear le Rialachán 1306/2013 ón gComhairle.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tugadh le fios i dtuarascáil iniúchta inmheánaigh ar chóras bainistíochta riosca na Roinne in 2017 go raibh laigí ag forbairt de réir a chéile sa struchtúr rialachais mar a bhaineann le bainistíocht riosca, go raibh roinnt fadhbanna teicniúla ag baint leis an mbunachar sonraí riosca a raibh easnamh féideartha ar rialú mar thoradh orthu agus go raibh an leibhéal gníomhaíochta a bhain le bainistíocht riosca agus le monatóireacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca sa Roinn faoi bhun na leibhéal barrmhaitheasa.

Rinneadh obair shuntasach ó shin i leith chun moltaí thuarascáil an iniúchta inmheánaigh a chur i bhfeidhm agus leanadh de sin le linn 2019.

- Neartaíodh struchtúir rialachais tríd an gCoiste Riosca a athbhunú, a díscaoileadh roimhe, chun teacht le chéile uair sa ráithe agus trí acmhainní breise a chur ar fáil don Oifig Riosca. Tá nósanna imeachta i ndáil le monatóireacht agus tuairisciú na hOifige Rioosca curtha i bhfeidhm.
- Tá Córas Bainistíochta Riosca nua á chur i bhfeidhm sa DAFM, cuirfear tús leis i R1 2020. Ghlac comhaltaí de chuid RMT páirt i ngrúpa úsáideora tras-rannach sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER), a thug comhairle maidir leis an bhfeidhmiúlacht a bhí de dhíth ó Chóras Bainistíochta Riosca SharePoint - tugadh an córas a tháinig as sin i scríbhinn don DAFM i Feabhra 2020.
- Cuireadh tús le hobair chun cur leis an gcóras nua sin, ag leagan béim ar dtús ar rioscaí ardleibhéil a aithint trí phléití leis an mBord Bainistíochta. Tá rioscaí ar leibhéal eagraíochtúil agus rannach ar an gcóras anois.
- Cuireadh tús le soláthar oiliúint foirne i ndáil le Beartas Bainistíochta Riosca na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus úsáid a bhaint as an gcóras eRisk sa chéad leath de 2020. Tá áiseanna teileafóin, ríomhphoist agus doiciméid chabhrach

curtha ar fáil seachas ceardlanna nárbh fhéidir a reáchtáil mar gheall ar shrianta Covid-19.

- Tá nósanna imeachta maidir le tuairisciú agus monatóireacht frith-chalaoise curtha i bhfeidhm agus tá clár calaoise á choinneáil sa Rannán Airgeadais.
- Leasaigh agus d'fhaomh an Bord Bainistíochta an beartas riosca don Roinn i mí Iúil 2020.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha agus in am trátha. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Rioscaí airgeadais suntasacha***

*An Breatimeacht*

Cruthaíonn cinneadh na Ríochta Aontaithe imeacht as an AE dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ina ndúshláin an-suntasach don earnáil agraibhia agus don Roinn. Fágann an bhaint atá ag an earnáil le margadh na Ríochta Aontaithe, agus an nádúr ard comhtháite atá ag baint le slabhraí soláthair na hÉireann/na Ríochta Aontaithe go bhfuil an tír seo ach go háirithe i mbaol ag tionchair an Bhreatimeachta, de bharr go bhféadfadh taraif a bheith ar tháirgí agraibhia chomh maith leis na costais agus moill bhreise a thiocfadh chun cinn de bharr rialuithe allmhairithe agus ceanglais deimhnithe onnmhairithe a bheith á bhforchur.

Thabhaigh an Roinn costais shuntasacha in 2019 a bhain leis an mBreatimeacht. Ba mar gheall ar chuid de chaiteachas na Roinne maidir leis an gcostas a bhí le bonneagar fisiciúil nua a chur ar fáil i gCalafoirt Bhaile Átha Cliath agus Ros Láir a bhaineann le níos mó rialuithe oifigiúla ar leibhéal níos suntasaí a chur i bhfeidhm maidir le hearraí agraibhia, chomh maith le foireann bhreise a earcú a bhaineann leis agus bonneagar TF feabhsaithe a sholáthar é seo. Leithroinneadh costais maidir le bonneagar ar na Ranna iomchuí i gcomhaontú leis an OPW agus íocadh sin trí mheastachán forlíontach, agus sásaíodh costais maidir le soláthar foirne agus TF ó chaiteachas vótaithe a fógraíodh don DPER mar chuid de phróiseas na meastachán. Leanadh de chaiteachais eile a bhain le bearta tacaíochta a thabhairt don tionscal agraibhia maidir leis an mBreatimeacht i rith 2019 trí Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann agus an earnáil baincéireachta mar a cuireadh ar fáil leis an gcéad mhaoiniú ón Roinn.

*Laigí sa rialú maidir le sócmhainní seasta*

Bunaíodh aonad bainistíochta sócmhainní tiomnaithe i mí Eanáir 2017. Tá an t-aonad freagrach as cláir sócmhainní na Roinne a fhíorú. Cuimsítear san obair seo seiceáil le haghaidh sócmhainní caipitil atá á bhfoirgniú, iad a chatagóiriú, agus iad a ghabháil mar aon le mionsonrú iomlán sócmhainní. Fíoraíonn an t-aonad na catagóirí sócmhainní, cuirtear coigeartuithe i bhfeidhm ar an gclár sócmhainní de réir mar is cuí. Táthar ag leanúint leis na tionscadal fíoraithe sócmhainní de réir mar a bhí beartaithe agus táthar ag súil go gcuirfear an tionscadal i gcrích in 2021.

***Slándáil TFC***

Tá an Roinn tiomanta go láidir do shlándáil a córas teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide. Déantar athbhreithniú neamhspleách ar na córais seo ar bhonn rialta. Tá nósanna imeachta aisghabhála/cúltaca doiciméadaithe i bhfeidhm do na sonraí ríthábhachta go léir, lena n-áirítear seirbhísí stórála as an láthair atá slán agus saoráidí aisghabhála i gcás tubaiste a úsáid. Tá aonaid tiomanta comhordaithe slándála TF agus cibearshlándála ag an Roinn agus bíonn sí forghníomhach i bhforbairt agus cur chun

cinn na slándála faisnéise. Bíonn socruithe slándála TFC faoi réir ag athbhreithniú ón Rannóg Iniúchta TF agus ag an Aonad Iniúchta Inmheánaigh. Chomh maith leis sin bíonn an Roinn faoi réir ag iniúchadh creidiúnaithe bliantúil, ina cáil mar ghníomhaireacht íocaíochta thar ceann an Aontais Eorpaigh. In 2016, bhain an Roinn creidiúnú amach faoin gcaighdeán idirnáisiúnta ISO 27001: Cód Cleachtais um Bainistíocht Slándála Faisnéise, mar bhunús dá slándáil TF. Mar chuid den phróiseas deimhniúcháin seo, bhí an Roinn faoi réir ag iniúchtaí leathbhliantúla chun comhlíontacht leantach Chaighdeán Slándála Faisnéise ISO 27001:2013 a chinntiú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Cuireann obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha, agus an bhainistíocht shinsearach sa Roinn atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil i leith obair mhonatóireachta agus athbhreithnithe na roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh ar an eolas.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí i rialuithe airgeadais inmheánaigh maidir le 2019 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

**Brendan Gleeson**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

23 Meán Fómair 2020

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Muir

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.*Níl baint ná páirt agam le Roinn Talmhaíocht, Bia agus Mara agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa.Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar/faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cás/cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conradh/conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2019.

***Bainistíocht airgeadais agus tuairisciú do lárionaid chuanta iascaigh (30)***

Scrúdaíonn Caibidil 10 de mo thuairisc ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2019 an dul chun cinn atá déanta go dtí seo ag an Roinn maidir le moltaí i dtuarascáil speisialta uimhir 82 a chur i bhfeidhm, a bhaineann le bainistíocht airgeadais agus tuairisciú do lárionaid chuanta iascaigh.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2020

# Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Muir

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus Leas Ainmhithe | | | | |
| | *Soláthar bunaidh* | 247,057 | | | |
| | *Forlíontach* | 26,784 | | | |
| | | | 273,841 | 261,782 | 221,536 |
| B | Tacaíochtaí agus Rialuithe Feirme/Earnála | | | | |
| | *Soláthar bunaidh* | 841,057 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 22,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 30,409 | | | |
| | | | 893,466 | 874,064 | 823,173 |
| C | Beartas agus Straitéis | | | | |
| | *Soláthar bunaidh* | 361,789 | | | |
| | *Forlíontach* | 5,431 | | | |
| | | | 367,220 | 356,672 | 370,120 |
| D | An Earnáil Bia Mara | | | | |
| | *Soláthar bunaidh* | 146,097 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,200) | | | |
| | | | 143,897 | 142,603 | 131,424 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar bunaidh* | 1,596,000 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 22,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 60,424 | | | |
| | | | **1,678,424** | **1,635,121** | **1,546,253** |
| | *Lúide* | | | | |
| E | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Soláthar bunaidh* | 292,317 | | | |
| | *Forlíontach* | 41,000 | | | |
| | | | **333,317** | **388,443** | **471,783** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar bunaidh* | 1,303,683 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 22,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 19,424 | | | |
| | | | **1,345,107** | **1,246,678** | **1,074,470** |

**Barrachas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €19.8 milliún de leithdháiltí neamhchaite maidir le heilimintí caipitil an Vóta ar aghaidh go dtí 2020 (Notá 6.7).

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 98,429,934 | 200,171,768 |
| Géilleadh iarchurtha | (19,800,000) | (22,000,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **78,629,934** | **178,171,768** |

**Brendan Gleeson**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

23 Meán Fómhair 2020

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 1,361,106 | 1,308,711 |
| Pá | | 180,355 | 172,628 |
| Neamhphá | | 93,660 | 64,914 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,635,121** | **1,546,253** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | 388,443 | 471,783 |
| **Glanchaiteachas** | | **1,246,678** | **1,074,470** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin – airgead Tirim | (4,789) | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí | (7) | | |
| Diúscairtí – airgead Tirim | 12 | | |
| Dímheas | 4,531 | | |
| | | (253) | (895) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (39,205) | | |
| Méadú ar stoc | (236) | | |
| | | (39,441) | 61,944 |
| **Caiteachas díreach** | | **1,206,984** | **1,135,519** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Measchíosanna | | 7,898 | 7,713 |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghuaillithe (nóta 1.1) | | 77,168 | 78,064 |
| **Glanchostas clár** | | **1,292,050** | **1,221,296** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an ghlansuim chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 30 a iompraíodh in áit éigin eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 2 | 13 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 72,722 | 72,912 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,826 | 4,548 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 344 | 321 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | | 274 | 270 |
| | | **77,168** | **78,064** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2019

| | Nóta: | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 12,647 | 12,408 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 45,747 | 55,896 |
| Stoic | 2.3 | 2,320 | 2,084 |
| Ioncam Fabhraithe: | | | |
| Maoiniú *EAFRD* dlite ón AE | | 165,262 | 152,227 |
| Suimeanna eile dlite ón AE | | 6,924 | 340 |
| Ró-íocaíochtaí scéime | 6.2 | 2,640 | 2,281 |
| Dlite le haghaidh seirbhísí | | 7,416 | 6,203 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 33,615 | 22,333 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 7,765 | 960 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 271,689 | 242,324 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 22,431 | 25,338 |
| Costais fhabhraithe | | 5,926 | 12,658 |
| Maoiniú Glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 31,081 | 31,518 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 59,438 | 69,514 |
| **Glan-sócmhainní reatha** | | 212,251 | 172,810 |
| **Glan-sócmhainní** | | **224,898** | **185,218** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas mhaoiniú an Stáit** | 2.8 | **224,898** | **185,218** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil[a]

| | Trealamh IT | Mótar-fheithiclí agus innealra eile | Troscán agus feistis | Trealamh oifige agus trealamh eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2019 | 140,895 | 7,097 | 14,581 | 90,849 | 253,422 |
| Suimeanna Breise | 2,860 | 296 | 134 | 1,499 | 4,789 |
| Diúscairtí | (69) | (297) | — | (594) | (960) |
| Aistriú chuig an gCiste um Lárionaid Chuanta Iascaigh | — | (51) | 2 | — | (49) |
| **Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2019** | **143,686** | **7,045** | **14,717** | **91,754** | **257,202** |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2019 | 134,849 | 5,732 | 14,059 | 86,374 | 241,014 |
| Dímheas don bhliain | 2,378 | 445 | 112 | 1,596 | 4,531 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (68) | (297) | — | (590) | (955) |
| Aistriú chuig an gCiste um Lárionaid Chuanta Iascaigh | — | (35) | — | — | (35) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2019 | **137,159** | **5,845** | **14,171** | **87,380** | **244,555** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2019** | **6,527** | **1,200** | **546** | **4,374** | **12,647** |
| Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2018 | 6,046 | 1,365 | 522 | 4,475 | 12,408 |

Nótaí [a] Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit a bhfuil smacht ag an Roinn orthu nó atá á mbainistiú ag an Roinn nach bhfuil aon luacháil déanta orthu. Tá liosta díobh in aguisín A.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 45,345 | 54,963 |
| Iarmhéideanna i gcuntas bainc tráchtála | 402 | 933 |
| | **45,747** | **55,896** |

## 2.3 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthairtí saotharlainne agus ceimiceáin | 479 | 515 |
| Soláthairtí stáiseanóireachta | 279 | 78 |
| Soláthairtí ríomhaireachta | 11 | 9 |
| Soláthairtí tréidliachta | 1,158 | 1,025 |
| Beostoc | 244 | 284 |
| Stoc talmhaíochta | 111 | 137 |
| Soláthairtí glantacháin | 9 | 9 |
| Stoic ola | 29 | 27 |
| | **2,320** | **2,084** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | Notá | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Rannaíocaíochtaí leis an gClár Domhanda Bia | 6.5 | 22,300 | 19,000 |
| Deontais taighde, cháilíochta agus deimhnithe | | 6,456 | — |
| Teicneolaíocht bainistíochta faisnéise | | 3,000 | 2,837 |
| Síntiúis | | 1,341 | 184 |
| Eile | | 518 | 312 |
| | | **33,615** | **22,333** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí tuarastail | 46 | 41 |
| Óinchistí agus costais infhorchúitithe taistil | 203 | 180 |
| Airleacain chuig OOP | 6,354 | 669 |
| Scéim um shonraí agus géanómaíochta mairteola | — | 70 |
| Eile | 1,162 | — |
| | **7,765** | **960** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 2,602 | 2,394 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 1,564 | 1,393 |
| Cáin Shiarchoinneálach | 1,291 | 1,224 |
| Cáin Bhreisluacha | 1,428 | 1,345 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 1 | — |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 1,105 | 538 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 23 | 25 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 529 | 517 |
| | 8,543 | 7,436 |
| Urrúis | 2,527 | 2,720 |
| Táillí ceadúnaithe lotnaidicídí | 270 | 240 |
| Airleacain AE | 8,845 | 8,672 |
| Aisíocaíocht atá dlite don AE | — | 7 |
| Earraí Ilghnéitheacha | 2,246 | 1,312 |
| Eile | — | 4,951 |
| | **22,431** | **25,338** |

## 2.7 Glanmhaoiniú dlite ón Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 78,629 | 178,172 |
| Géilleadh iarchurtha | 19,800 | 22,000 |
| Deontas neamhtharraingthe an Státchiste | (67,348) | (168,654) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **31,081** | **31,518** |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 45,747 | 55,896 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 7,765 | 960 |
| | 53,512 | 56,856 |
| **Creidiúnaithe:** | | |
| Dlite don Stát | (8,543) | (7,436) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (13,888) | (17,902) |
| | (22,431) | (25,338) |
| | **31,081** | **31,518** |

## 2.8 State funding account

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 185,218 | 247,059 |
| Íocaíochtaí amach as an Vóta | | | | |
| Soláthar measta | Cuntas | 1,345,107 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (19,800) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (78,629) | | |
| Vóta glan | | | 1,246,678 | 1,074,470 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1 | | 77,168 | 78,064 |
| Míreanna neamh-airgid - sócmhainní aistrithe | 2.1 | | (14) | (792) |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 7,898 | 7,713 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (1,292,050) | (1,221,296) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **224,898** | **185,218** |

## 2.9 Tiomantais

| **Tiomantais Dhomhanda** amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 39,457 | 118,488 |
| Cláir deontais neamhchaipitil | 558,905 | 857,980 |
| Cláir dheontais caipitil | 609,011 | 697,528 |
| Mórdheontais chaipitil | 561 | 2,674 |
| **Iomlán na dtiomantas infheidhmithe le dlí** | **1,207,934** | **1,676,670** |

**Ceanglais deontas neamhchaipitil**

| | Dlite in 2020 | Blianta ina dhiaidh sin | 2019 Iomlán | 2018 Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| An Scéim Ghlas, íseal-charbóin, agra-chomhshaoil | 206,898 | 96,870 | 303,768 | 528,866 |
| Taighde bia | 15,242 | 56,495 | 71,737 | 65,363 |
| An clár um shonraí & géanómaíochta mairteola | 47,952 | 9,180 | 57,132 | 102,138 |
| Scéimeanna faoi Threoir Áitiúil - reatha | 14,292 | 29,219 | 43,511 | 40,840 |
| Leas caorach | 24,812 | 3,167 | 27,979 | 45,360 |
| An Clár Domhanda Bia | 700 | 25,000 | 25,700 | — |
| Deontais don earnáil orgánach | 11,000 | 4,500 | 15,500 | 34,794 |
| Aistriú eolais | 5,000 | 1,000 | 6,000 | 31,000 |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - reatha | 3,554 | 2,000 | 5,554 | 5,659 |
| An chomhpháirtíocht nuálaíochta Eorpach | 641 | 757 | 1,398 | 1,942 |
| Bainne agus torthaí scoile | 111 | 333 | 444 | 555 |
| An Scéim um roghanna agra-chomhshaoil | 109 | — | 109 | 898 |
| An scéim um chosaint na timpeallachta tuaithe | 72 | — | 72 | 168 |
| Scéim luathscoir | — | — | — | 330 |
| Forbairt ghairmiúil leanúnach | — | — | — | 67 |
| **Iomlán na dtiomantas infheidhmithe le dlí** | **330,383** | **228,521** | **558,905** | **857,980** |

**Ceanglais clár deontas caipitil**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 697,528 | 732,301 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (192,966) | (176,293) |
| Tiomantais nua | 172,640 | 166,137 |
| Dídhílsithe deontas | (68,191) | (13,617) |
| Iarmhéid deiridh | **609,011** | **697,528** |

**Ceanglais mórthionscadal caipitil**

| | Dlite in 2020 | Blianta ina dhiaidh sin | Iomlán 2019 | Iomlán 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Foraoisiú | 82,670 | 423,016 | 505,686 | 563,843 |
| Scéimeanna spriocdhírithe nuachóirithe talmhaíochta | 74,394 | — | 74,394 | 105,358 |
| Iascaigh | 14,820 | 2,124 | 16,944 | 22,353 |
| Clár athfhorbartha Chaisleán Bhaile Sheáin Mol Nuálaíochta Bia | 6,000 | 1,150 | 7,150 | — |
| Deontais infheistíochta caipitil | 500 | 1,578 | 2,078 | 1,612 |
| Scéim ghairneoireachta | 1,385 | — | 1,385 | 1,744 |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh – caipiteal | 1,357 | — | 1,357 | 1,573 |
| Scéimeanna faoi threoir áitiúil – caipitil | 17 | — | 17 | 25 |
| Clár athfhorbartha caisleán Bhaile Sheáin | — | — | — | 1,020 |
| **Iomlán na dtiomantas infheidhmithe le dlí** | **181,143** | **427,868** | **609,011** | **697,528** |

**Ceanglais mórthionscadal caipitil**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2018 | Caiteachas in 2019 | Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin | Caiteachtas iomlán ionchais saoil an tionscadail 2019 | Caiteachtas iomlán ionchais saoil an tionscadail 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach | 22,647 | 2,113 | 561 | 25,321 | 25,321 |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

**Tionscadal feabhsúcháin Inis Sionnach**

Mar thoradh ar chinneadh an Rialtais an 14 Meitheamh 2011, ghlac an tAire ceannasaíocht ar an obair leasúcháin ar láthair Inis Sionnach. Cheadaigh cinneadh eile a rinne an Rialtas ar an 28 Bealtaine 2015 buiséad scéime iomlán €61 mhilliún don tionscadal. Is €25 milliún méid an chaiteachais atá tabhaithe ag an Roinn don togra suas go dtí deireadh na bliana 2019. De réir na meastachán is deireanaí, táthar ag meas go dtabharfar togra leasúcháin Inis Sionnach chun críche in 2022.

**Oibríochtaí AE**

1. Tá an Roinn ar an eolas faoi fhionraí sealadach faoi Chlár Oibríochtúil Chiste Iascaigh agus Ghnóthaí Muirí (EMFF) na hÉireann mar thoradh ar mhoill a bheith ar chur chun feidhme chóras pointí an AE faoi Rialacháin AE.

   Cé go ndéanann Éire gach iarracht na hoibleagáidí faoi rialacháin rialaithe an AE a chomhlíonadh, in 2018 chuir an Coimisiún Eorpach íocaíochtaí aisghabhála d'Éirinn le haghaidh caiteachas rialaithe agus forfheidhmiúcháin ar fionraí agus bhí €9.618 milliún in íocaíochtaí ar fionraí á siarchoinneáil ag deireadh 2019.

   Ó shin, tá rialacháin bunaithe ag an Aire a chomhlíonann go hiomlán na ceanglais ábhartha a bhaineann le sealbhóirí ceadúnas bád iascaireachta mara. I mí na Nollag 2019, d'fhaomh an Rialtas roimhe sin Cinn Bhille reachtaíochta don chóras pointí ar leith do mháistrí bád iascaireachta. Nuair a bheidh ceisteanna dlíthiúla áirithe tugtha chun críche, tá sé beartaithe Cinneadh Rialtais bhreise a lorg maidir le conas leanúint ar aghaidh leis an mBille seo.

   Foráiltear i rialacháin AE nach mór don Choimisiún na híocaíochtaí fionraithe a scaoileadh nuair a bhíonn ceanglais chóras na bpointí á gcomhlíonadh go hiomlán ag Éire.

2. Tá an Roinn ar an eolas maidir le smachtbhanna a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir le nithe a aithníodh i ndáil le rialuithe sa chóras a mbaintear úsáid astu chun gabháltais pheiligeacha agus gabháltais den Tuinnín Gorm a mheáchan. De bharr gurb é an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, atá freagrach de réir dlí as rialú oibriúcháin, páirteach i bpróiseas leanúnach leis an gCoimisiún ar an ábhar sin, bíonn neamhchinnteacht ag baint le suim nó le tráthúlacht aon dliteanais a d'fhéadfadh a bheith i gceist, más ann dóibh ar chor ar bith.

3. Tá an Roinn ar an eolas chomh maith maidir le neamhcheadú a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir le gnéithe áirithe den leithroinnt teidlíochtaí faoi scéim na n-íocaíochtaí bunúsacha. Mar gheall go bhfuil an Roinn i mbun próiseas foirmeálta leanúnach imréiteach cuntas leis an gCoimisiún, tá suim nó tráthúlacht iarbhír na ndliteanas a d'fhéadfadh a bheith i gceist neamhchinnte.

4. Tá an Roinn ar an eolas chomh maith maidir le neamhcheadú a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir le cuairt Iniúchta DG AGRI an 18 go dtí an 22 Samhain 2019 maidir le Scéimeanna neamh-IACS EAFRD. De bharr go bhfuil an Roinn páirteach i bpróiseas leanúnach leis an gCoimisiún ar an ábhar sin, bíonn neamhchinnteacht ag baint le suim nó le tráthúlacht aon dliteanais a d'fhéadfadh a bheith i gceist, más ann dóibh ar chor ar bith.

**Eile**

Tá an Roinn rannpháirteach i líon imeachtaí dlí ar feitheamh a bhféadfadh dliteanais a thabhú, ag brath ar an toradh a bheidh ar an dlíthíocht. Níl aon chinnteacht ann maidir le méid iarbhír ná tráthúlacht dliteanas féideartha.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Bunaidh* | 183,077 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,000) | 181,077 | 180,355 | 172,628 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | 7,999 | 9,002 | 8,624 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | 6,547 | 5,305 | 5,102 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 4,954 | 4,547 | 4,713 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | 39,611 | 37,106 | 33,599 |
| vi | Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,820 | | | |
| | *Forlíontach* | 30,424 | 38,244 | 30,715 | 5,972 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartas | | 208 | 92 | 129 |
| viii | Bearta forlíontacha d'fhonn leasa airgeadais an AE a chosaint | | 852 | 760 | 567 |
| ix | Seirbhísí Saotharlainne | | 6,200 | 6,133 | 6,208 |
| | | | **285,692** | **274,015** | **237,542** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus +/-€100,000).

**vi Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige**

*Soláthar measta: €7.82 milliún, toradh: €36.702 milliún*

Bhí méadú €22.895 milliún ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta bunaidh mar gheall ar chostais shuntasacha a bhí ar an Roinn de bharr an Bhreatimeachta in 2019. Ba mar gheall ar chuid de chaiteachas na Roinne maidir leis an gcostas a bhí le bonneagar fisiciúil nua a chur ar fáil i gCalafoirt Bhaile Átha Cliath agus Ros Láir a bhaineann le níos mó rialuithe oifigiúla a chur i bhfeidhm maidir le hearraí agraibhia ar leibhéal níos suntasaía bhí sé sin.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartas**

*Soláthar measta: €208,000, toradh: €92,000*

Ba mar thoradh ar mheascán de chomhairleachtaí a bhí beartaithe ach nach raibh de dhíth níos mó agus de bharr athbhreithnithe a bhí beartaithe ach nár tugadh fúthu in 2019 a raibh easnamh €116,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta.

## Clár A Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí aguLeas Ainmhithe

| | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 104,315 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,140) | | | |
| | | | 103,175 | 102,764 | 96,942 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | |
| | *Bunaidh* | 44,110 | | | |
| | *Forlíontach* | 30,424 | | | |
| | | | 74,534 | 65,979 | 37,632 |
| A.3 | Sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe & plandaí & leas ainmhithe | | | | |
| | *Bunaidh* | 98,632 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,500) | | | |
| | | | 96,132 | 93,039 | 86,962 |
| | | | **273,841** | **261,782** | **221,536** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tá eolas le fáil thíos maidir leis na cúiseanna a bhí leis na héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd bhí an caiteachas a bhain le Clár A €14.725 milliún níos airde ná mar a luadh ( ar dtús). Tá míniú tugtha cheana féin ar an méadú €20.318 milliún i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a raibh athrú €5.593 milliún níos lú ar an iarmhéid:

**A.3 Sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe & plandaí & leas ainmhithe**

*Soláthar measta: €98.632 milliún, toradh: €93.039 milliún*

Ba mar thoradh ar mheascán fachtóirí a bhí an laghdú €5.593 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta bunaidh. Bhí sábháil i gceist faoi dheontais chun tacú le clibeáil nua leictreonach caorach ós rud é nach raibh líon na n-iarratas ar an scéim chomh hard agus a bhíothas ag súil leis. Bhí sábháil i gceist chomh maith faoin scéim um rialú capall. Rinneadh tuilleadh a shábháil chomh maith mar nach raibh soláthair stuama do scráibeach, BSE & do chásanna ainmhithe tite go hiomlán de dhíth agus íocadh níos lú le Sláinte Ainmhithe na hÉireann chun tréidlianna príobháideacha a thraenáil ná mar a bhí réamh-mheasta.

## Clár B Tacaíochtaí agus Rialuithe Feirme/Earnála

| | | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 54,195 | | | |
| | | *Forlíontach* | (591) | | | |
| | | | | 53,604 | 53,389 | 52,103 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | | 20,343 | 19,094 | 18,600 |
| B.3 | Scéimeanna agra-chomhshaoil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 229,500 | | | |
| | | *Forlíontach* | 7,000 | | | |
| | | | | 236,500 | 236,500 | 256,860 |
| B.4 | Scéim limistéir faoi shrianta nádúrtha | | | 250,000 | 248,552 | 228,666 |
| B.5 | Talmhaíocht agus bia a fhorbairt (feirm) | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 78,395 | | | |
| | | *Forlíontach* | 7,000 | | | |
| | | | | 85,395 | 83,650 | 72,510 |
| B.6 | Scéimeanna um mairteoil inbhuanaithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 67,800 | | | |
| | | *Forlíontach* | 18,000 | | | |
| | | | | 85,800 | 87,108 | 47,451 |
| B.7 | Aistriú eolais | | | 25,000 | 22,167 | 21,665 |
| B.8 | Scéim leasa ainmhithe do chaoirigh | | | 18,000 | 17,382 | 17,650 |
| B.9 | Scéim luathscoir | | | 220 | 187 | 830 |
| B.10 | Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 81,428 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 22,000 | | | |
| | | | | 103,428 | 89,732 | 94,509 |
| B.11 | Costais rialaithe agus scéimeanna tacaíochta eile | | | 12,351 | 14,213 | 9,305 |
| B.12 | Scéimeanna eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,825 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,000) | | | |
| | | | | 2,825 | 2,090 | 3,024 |
| | | | | **893,466** | **874,064** | **823,173** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tá eolas le fáil thíos maidir leis na cúiseanna a bhí leis na héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd bhí an glanchaiteachas a bhain le Clár B €33.007 milliún níos airde ná mar a luadh (ar dtús). Tá tearc-chaitheamh de €2.055 milliún i gcaiteachas riaracháin mínithe cheana féin. Seo a leanas na príomhchúiseanna a bhí leis an róchaitheamh frithháirimh de €35.062 milliún:

**B.5 Talmhaíocht agus bia a fhorbairt (feirm)**

*Soláthar measta: €78.395 milliún, toradh: €83.65 milliún*

Ba mar thoradh ar mhéadú €7.026 milliún a bheith ar chaiteachas faoi scéim *TAMS* II a bhí an méadú €5.255 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta. Rinneadh sin a pháirt-fhritháireamh trí shábháil €1.071 milliún sa scéim deontas infheistíochta um próiseáil orgánach ós rud é nach raibh líon na n-iarratas don scéim chomh hard agus a bhí tuartha. Bhí sábháil €400,000 i gceist chomh maith maidir le scéim um próiseáil dramhaíola ós rud é nár cuireadh éileamh a raibh súil leis ar isteach. Bhí sábháil €166,000 breise ann faoin scéim gairneoireachta ós rud é nach ndeachaigh iarratasóirí ar aghaidh le hinfheistíochtaí a ceadaíodh agus nár cuireadh infheistíochtaí eile chun críche in am d'íocaíocht in 2019. Cuireadh maoiniú breise ar fáil le soláthar forlíontach agus vírmint.

**B.6 Scéimeanna um Mairteoil Inbhuanaithe**

*Soláthar measta: €67.8 milliún, toradh: €87.108 milliún*

Bhí méadú €19.308 milliún ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta mar gheall gur cuireadh tús leis an mBeart Cúnaimh Eisceachtúil Mairteola, scéim AE a tugadh isteach in Iúil 2019 mar bheart cúnaimh eisceachtúil d'earnáil mairteola na hÉireann mar fhreagra ar choinníollacha sa mhargadh. Cuireadh maoiniú breise ar fáil thrí Sholáthar Measta agus vírmint agus trí shábháil a rinneadh laistigh d'fho-mhícheann ina raibh caiteachas ar an clár um shonraí agus géanómaíochta mairteola agus an séim phíolótach mairteola um éifeachtúlacht chomhshaoil níos lú ná na soláthairtí do na scéimeanna sin.

**B.7 Aistriú eolais**

*Soláthar measta: €25 milliún, toradh: €22.167 milliún*

Bhí easnamh €2.833 milliún ann i gcomórtas leis an meastachán mar gheall gur tharraing rannpháirtithe amach as an scéim agus mar gheall nár shásaigh rannpháirtithe na riachtanais ar fad a bhain leis an scéim.

**B.10 Foraoiseacht agus bithfhuinneamh**

*Soláthar measta: €103.428 milliún, toradh: €89.732 milliún*

Bhí easnamh €13.696 milliún i gcaiteachas ann i gcomórtas leis an meastachán (lena n-áirítear géilleadh iarchurtha ó 2018) mar gheall, den chuid is mó, ar shábháil €10.349 milliún a rinneadh sa scéim foraoisithe ós rud é gur scéim í seo atá bunaithe ar éileamh agus bhí an t-éileamh a bhí ann don scéim seo níos lú ná mar a bhí i mblianta roimhe seo. Bhí sábháil €2.799 milliún i gceist chomh maith do na scéimeanna tacaíochta mar gheall ar laghdú a bheith ar an líon iarratas a rinneadh ar an scéim róthair. Bhain an laghdú seo le saincheisteanna i ndáil le cead pleanála maidir le bealaí isteach ó bhóthar foraoise ar bhóthar poiblí. Rith an tOireachtas reachtaíocht ábhartha i bhFeabhra

2020, agus ba cheart go mbeadh níos mó iarratas á gcur isteach mar thoradh air.

**B.11 Costais rialaithe agus scéimeanna tacaíochta eile**

*Soláthar measta: €12.351 milliún, toradh: €14.213 milliún*

Bhain an méadú €1.862 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta le méadú €3.554 milliún i ndáil le híocaíochtaí maidir le cinntí comhréireacha. Rinneadh sin a fhritháireamh trí shábháil €1.449 milliún de bharr nár dearnadh aon cheannacháin stoic idirghabhála i rith na bliana agus trí shábháil €739,000 chomh maith de bharr go raibh rátaí úis níos ísle ar iasachtaí gearrthéarma a bhí riachtanach chun íocaíochtaí *EAGF* a mhaoiniú roimh aisíocaíocht ón gCoimisiún. Bhí méadú €475,000 ar chostas maidir le córas um dháileachtaí talmhaíochta a aithint a uasghrádú ós rud é gur theastaigh níos mó digitithe ná mar a bhíothas ag súil leis. Cuireadh maoiniú breise ar fáil le vírmint.

**B.12 Scéimeanna eile**

*Soláthar measta: €3.825 milliún, toradh: €2.09 milliún*

Bhí sábháil €1.735 milliún ann i gcomórtas leis an meastachán bunaidh mar gheall go raibh caiteachas ar na scéimeanna fodair, a tugadh isteach de bharr na géarchéime fodair in 2018, níos ísle ná mar a bhí soláthar déanta dó ós rud é go raibh féar ag fás mar is gnáth i i dtreo dheireadh na bliana 2018 agus go raibh coinníollacha féaraigh níos fearr le linn an gheimhridh.

## Clár C Beartas agus Straitéis

| | | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 15,446 | | | |
| | | *Forlíontach* | (169) | | | |
| | | | | 15,277 | 15,216 | 14,827 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | | 5,267 | 4,771 | 4,585 |
| C.3 | Taighde, cáilíocht agus deimhniúchán | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 28,461 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,900) | 25,561 | 25,161 | 27,747 |
| C.4 | Talmhaíocht agus bia a fhorbairt agus a chur chun cinn (nach feirm atá i gceist) | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 20,340 | | | |
| | | *Forlíontach* | (6,900) | | | |
| | | | | 13,440 | 7,550 | 8,839 |
| C.5 | Deontas Teagasc | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 141,232 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,000) | 138,232 | 134,673 | 133,082 |
| C.6 | Deontas Bord Bia | | | 46,619 | 44,844 | 40,383 |
| C.7 | Ciste Rásaíochta Capall agus Con | | | 84,000 | 84,000 | 80,000 |
| C.8 | Ciste Forbartha agus Nuálaíochta Tuaithe *Cedra* | | | 1,500 | 1,486 | 1,501 |
| C.9 | Tabhartais um chabhair bhia – Clár Domhanda Bia | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 20,000 | | | |
| | | | | 23,000 | 25,300 | 19,000 |
| C.10 | Bearta seasmhacha i ndáil leis an mBreatimeacht | | | — | — | 25,000 |
| C.11 | Seirbhísí eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 15,924 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,600) | | | |
| | | | | 14,324 | 13,671 | 15,156 |
| | | | | **367,220** | **356,672** | **370,120** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tá eolas le fáil thíos maidir leis na cúiseanna a bhí leis na héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd bhí an caiteachas a bhain le Clár C €5.117 milliún níos ísle ná mar a luadh (ar dtús). Tá míniú tugtha cheana fáin ar an athrúchán €726,000 i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla athrú ar an iarmhéid €4.391 milliún:

**C.3 Taighde, cáilíocht agus deimhniúchán**

*Soláthar measta: €28.461 milliún, toradh: €25.161 milliún*

Bhí easnamh €3.3 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an meastachán bunaidh mar gheall ar mheascán de leibhéal níos ísle iarratais ar an nGlao maidir le Ciste um Thaighde a Spreagadh agus moill ar éilimh thráinse a chur ar aghaidh maidir le tograí ar cuireadh maoiniú ar fáil dóibh cheana.

**C.4 Talmhaíocht agus bia a fhorbairt agus a chur chun cinn (nach feirm atá i gceist)**

*Soláthar measta: €20.34 milliún, toradh: €7.55 milliún*

Bhí easnamh €12.79 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an meastachán bunaidh mar gheall, den chuid is mó, ar shábháil €9.845 milliún i dtacaíochtaí do chomhlachtaí bia d'fhonn an t-éileamh a d'fhéadfadh a bheith ann sula raibh imeacht na Breataine as an Aontas beartaithe ar dtús i Márta 2019 agus cistí chun cuidiú le comhlachtaí bia comórtas a feabhsú. De bharr gur cuireadh síneadh go dtí an bhliain 2020 le spriocdháta an Bhreatimeachta agus mar thoradh ar an neamhchinnteacht i ndáil leis an mBreatimeacht bhí éileamh ar na scéimeanna sin fós íseal.

Rinneadh sábháil bhreise €1.583 milliún faoin Tionscnamh Bia *LEADER* ós rud é nach raibh rannpháirtíocht chomh hard agus a bhíothas ag súil leis agus rinneadh sábháil €1.068 milliún chomh maith i ndeontais chuig comhlachtaí chun go mbaineadh siad an toradh is fearr amach i ndáil lena gcuid áiseanna táirgeachta mar nach raibh an deis ann i gcónaí obair a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse ama 12 mí.

**C.5 Deontas Teagasc**

*Soláthar measta: €141.232 milliún, toradh: €134.673 milliún*

Bhí easnamh €6.559 milliún i gcaiteachas ann i gcomórtas leis an meastachán bunaidh mar gheall ar shábháil €4.85 milliún maidir le deontas i gcabhair a tharraingt anuas don Mol Nuálaíochta Bia mar go raibh moill ar phleanáil agus sábháil €1.709 milliún maidir le deontas i gcabhair a tharraingt anuas i ndáil le costais aoisliúntais ós rud é go raibh costais maidir le scor níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

**C.9 Tabhartais um chabhair bhia – Clár Domhanda Bia**

*Soláthar measta: €3 milliún, toradh: €25.3 milliún*

Bhí méadú €22.3 milliún ar chaiteachas a bhain leis an meastachán mar gheall gur scríobh Stiúrthóir Feidhmiúchán an Clár Domhanda Bia chuig an Roinn le hiarraidh an ndéanfadh Éire íocaíocht amach luath i ndáil le leithdháileadh 2020 a mheas. Chomhaontaigh an Roinn go ndéanfaí luathíocaíocht €22.3 milliún i ndáil le leithroinnt

2020, agus rinneadh an íocaíocht sin i Nollaig 2019, tá an tsuim sin san áireamh sna réamhíocaíochtaí sa ráiteas ar an staid airgeadais.

**C.11 Seirbhísí eile**

*Soláthar measta: €15.924 milliún, toradh: €13.671 milliún*

Bhí easnamh €2.253 milliún i gcaiteachas ann i gcomparáid leis an meastachán bunaidh mar gheall, den chuid is mó, nach raibh an soláthar d'íocaíochtaí dlí riachtanach i rith na bliana agus mar gheall ar chásanna dlí nár tugadh chun críche in 2019 agus gur eascair sábháil as seo.

## Clár D Earnáil an Bhia Mara

| | | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 9,121 | | | |
| | | *Forlíontach* | (100) | | | |
| | | | | 9,021 | 8,986 | 8,756 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | | | 4,471 | 3,816 | 4,097 |
| D.3 | Iascaigh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 42,488 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,600) | | | |
| | | | | 40,888 | 41,562 | 35,195 |
| D.4 | Deontas Fhoras na Mara | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 35,429 | | | |
| | | *Forlíontach* | (500) | | | |
| | | | | 34,929 | 34,926 | 32,239 |
| D.5 | Deontas Bhord Iascaigh Mhara | | | 38,293 | 38,195 | 31,134 |
| D.6 | An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | | | 13,795 | 13,005 | 10,302 |
| D.7 | Togra leasúcháin Inis Sionnach | | | 2,500 | 2,113 | 9,701 |
| | | | | **143,897** | **142,603** | **131,424** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tá eolas le fáil thíos maidir leis na cúiseanna a bhí leis na héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd bhí an glanchaiteachas a bhain le Clár D €3.494 milliún níos ísle ná mar a luadh (ar dtús). Tá míniú tugtha cheana fáin ar an athrúchán €790,000 i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla athrú ar an iarmhéid €2.704 milliún:

**D.6 An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara**

*Soláthar measta: €13.795 milliún, toradh: €13.005 milliún*

Ba mar thoradh ar na fachtóirí seo a leanas a raibh an t-easnamh €790,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta: bhí sábháil €187,000 ar íocaíochtaí pinsin a raibh súil leo ós rud é gur bunaíodh meastacháin ar íosdhátaí scoir na bhfostaithe, chinn níos lú daoine ná mar a bhí i dteideal dul ar scor ar scor áfach. Bhí sábháil neamhphá €603,000 ann mar gheall go raibh moill ar shonraisc a raibh súil leo a fháil agus go raibh moill ar obair thionscadail TF a thabhairt chun críche.

***D.7 Togra leasúcháin Inis Sionnach***

*Soláthar measta: €2.5 milliún, toradh: €2.113 milliún*

Bhí easnamh €387,000 i gcaiteachas ann i gcomparáid leis an soláthar measta mar gheall ar mheascán de ghnéithe i ndáil le caiteachas mar a bhí leagtha amach sa bhuiséad nár tabhaíodh go dtí 2020 nó nár tháinig chun cinn ar chor ar bith. Gníomhaíonn Comhairle Chontae Chorcaí ina gníomhaire de chuid an Aire ar an tionscadal

agus tá sí freagrach as na gnéithe oibríochta leasúcháin ar fad a chur chun cinn agus déanfaidh an Rionn na costais a aisíoc ar bhonn dhliteanais aibithe.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | Fo-cheann-teideal | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Aisghabháil ar thuarastail, etc. ar oifigigh ar iasacht chuig comhlachtaí lasmuigh | | | 600 | 690 | 556 |
| 2 | Éarlais agus urrúis forghéillte faoi idirghabháil AE, aisíocaíocht onnmhairithe, etc. socruithe | | | 1 | 187 | 9 |
| 3 | Aisíocaíochtaí ó tháillí tréidliachta do sheirbhísí cigireachta ag monarchana éanlaithe agus monarchana feola eile | A.3 | | 15,436 | 19,531 | 19,804 |
| 4 | Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta d'onnmhairithe beo | A.3 | | 613 | 664 | 666 |
| 5 | Fáltais ó tháillí do sheirbhísí cigireachta ar áitribh déiríochta | A.3 | | 6,500 | 8,143 | 7,405 |
| 6 | Fáltais ó dhíol vacsaíní, beostoic, táirgí feirmeoireachta, etc. ag Saotharlann Taighde Tréidliachta agus feirm i mBaile an Aba; aisghabháil ar chostais choraintín in Inis Píc | A.3 | | 670 | 602 | 671 |
| 7 | Fáltais ó Ttháillí tástála síolta, táillí deimhnithe, táillí ceadúnais, lotnaidicídí, táillí clárúcháin etc, agus táillí ó fheirm Bhacastúin | C.3 | | 1,856 | 2,766 | 3,155 |
| 8 | Fáltais ó ranníocaíochtaí | A.3 | | 7,000 | 7,637 | 7,508 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | feirmeora i dtreo an chostais a bhaineann leis an ngalar buaibheach a dhíothú | | | |
| 9 | Fáltais ó Choimisiún na Talún | 350 | 380 | 285 |
| 10 | Fáltais eile | 2,470 | 3,129 | 2,807 |

| | | Fo-cheann-teideal | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 11 | Costais idirghabhála mhargaidh agus costais airgeadais do bhearta rannóige (Ráthaíocht) *FEOGA* eile | B.11 | | 975 | 300 | 1,239 |
| 12 | Caillteanas stoic idirghabhála, etc. | B.11 | | — | 960 | 880 |
| 13 | *EAFRD* (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe) | | | | | |
| | *Bunaidh* | | 205,000 | | | |
| | *Forlíontach* | | 41,000 | | | |
| | | | | 246,000 | 299,533 | 387,280 |
| 14 | An Ciste Tréidliachta | A.3 | | 9,200 | 9,279 | 10,274 |
| 15 | Fáltais Ráthaíochta eile ón AE (Talmhaíocht) | B.11 | | 36 | 36 | 36 |
| 16 | Fáltais ó fhíneálacha agus ó fhorghéillte i leith iascaigh farraige | D.3 | | 100 | 292 | 7 |
| 17 | Fáltais faoin Acht Imeall Trá 1933 agus an tAcht Maoine Stáit 1954 | D.3 | | 100 | 188 | 151 |
| 18 | Aisghabháil AE i ndáil le caiteachas ar iascaigh a chaomhnú agus a bhainistiú | D.3 | | 1 | — | — |
| 19 | Táillí ceadúnais dobharshaothraithe | D.3 | | 412 | 578 | 592 |
| 20 | Fáltais AE don *EMFF* | D.3 | | 30,000 | 23,030 | 13,596 |
| 21 | *EFF* (Iascaigh) 2007-2013 | D.3 | | — | — | 2,641 |
| 22 | Fáltais ó Chórais Bhianna Inbhuanaithe na hÉireann | | | 200 | 74 | 75 |
| 23 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí [a] | | | 10,797 | 10,444 | 12,146 |
| | **Iomlán** | | | **333,317** | **388,443** | **471,783** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhain le pinsin. Cuireadh ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad sin ó 1 Eanáir 2019.

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd, bhí leithreasaí i gcabhair €96.126 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá mínithe ar na hathruithe leagtha amach thíos:

**2 Éarlais agus urrúis forghéillte faoi idirghabháil AE, aisíocaíocht onnmhairithe, etc. socruithe**

*Soláthar measta: €1,000, réadaithe: €187,000*

Bhain an méadú €186,000 le trí urrús forghéilte ar cheadúnais sách mór agus bhí sé deacair, de bharr nádúr an fhorghéilte, ioncam ón bhfoinse seo a réamh-mheas.

**3 Aisíocaíochtaí ó tháillí tréidliachta do sheirbhísí cigireachta ag monarchana éanlaithe agus monarchana feola eile**

*Soláthar measta: €15.436 milliún, réadaithe: €19.531 milliún*

Bhain an méadú €4.153 milliún leis an méadú a tháinig ar leibhéil ghníomhaíochta san earnáil éanlaithe agus in earnálacha feola eile arís in 2019.

**5 Fáltais ó tháillí do sheirbhísí cigireachta ar áitribh déiríochta**

*Soláthar measta: €6.5 milliún, réadaithe: €8.143 milliún*

Bhain an méadú €1.643 milliún le méadú bliain ar bhliain ar fháltais mar gheall go raibh níos mó bainne fós á tháirgeadh.

**7 Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhnithe, táillí ceadúnais, lotnaidicídí, táillí clárúcháin etc, agus fáltais ó fheirm Bhacastúin**

*Soláthar measta: €1.856 milliún, réadaithe: €2.766 milliún*

Bhain an méadú €910,000 den chuid is mó le méadú i dtáillí clárúcháin a fuarthas i leith táirgí cosanta plandaí agus táirgí bithicídeacha. Bhí méadú freisin ann ar tháillí i ndáil le cigireacht, bíonn sé seo bunaithe ar chúinsí seachtracha margaidh agus mar sin athraíonn ioncam bliain i ndiaidh bliana.

**8 Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeora i dtreo an chostais a bhaineann leis an ngalar buaibheach a dhíothú**

*Soláthar measta: €7 milliún, réadaithe: €7.637 milliún*

Bhain an méadú €637,000 le méadú ar an méid bainne á próiseáil agus líon na n-ainmhithe a bhí á marú nó á n-onnmhairiú araon, i gcomórtas leis na huimhreacha réamh-mheasta.

**10 Fáltais eile**

*Soláthar measta: €2.47 milliún, réadaithe: €3.129 milliún*

Is í an príomhghné a bhaineann leis an bhfo-mhírcheann sin ranníocaíochtaí pinsin a seoladh ó ghníomhaireachtaí stáit. Bhain an méadú €659,000, den chuid is mó, le ranníocaíochtaí pinsin a bhailigh Teagasc ó chláir taighde ar cuireadh maoiniú ar fáil dóibh sa chás go raibh conraitheoirí fostaithe chun tabhairt faoin taighde.

**11 Costais idirghabhála mhargaidh agus costais airgeadais do bhearta rannóige (Ráthaíocht) *FEOGA* eile**

*Soláthar measta: €975,000, réadaithe: €300,000*

Bhain an laghdú €675,000 le leibhéal níos ísle de ghníomhaíocht idirghabhála a bheith ann ná mar a bhíothas ag súil leis ós rud é gur díoladh an stoc idirghabhála ar fad i Márta/Aibreán 2019 agus mar thoradh air sin bhí costas a bhain leo níos ísle agus dá bhrí sin níos ísle ná costas measta i ndáil le haisghabháil ón AE.

**12 Caillteanas stoic idirghabhála, etc.**

*Soláthar measta: €0, réadaithe: €960,000*

Bhain an méadú €960,000 leis an ioncam faoin bhfo-mhírcheann seo a tháinig as forálacha faoi Airteagal 55 de Rialachán 1306/2013 ón AE ina bhfuil Ballstáit i dteideal 20% de neamhrialtachtaí a aisghabháiltear faoin *EAGF* a choinneáil. Tá sé deacair an t-ioncam ó seo a réamh-mheas mar go bhfuil sé ag brath ar fhiacha a thabhaítear agus aisghabhálacha i rith na bliana.

**13 EAFRD (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe)**

*Soláthar measta: €205 milliún, réadaithe: €299.533 milliún*

Bhain an méadú €93.299 milliún, den chuid is mó, le tráthúlacht réamhíocaíochtaí faoin scéim *ANC* a bhí á ndéanamh i Meán Fómhair 2019 seachas i nDeireadh Fómhair, mar a bhí réamh-mheasta. Bhí fáltas *EAFRD* níos mó ann in Nollaig 2019 ná mar a bhíothas ag súil leis d'fháltas 2020 mar thoradh air sin. Ní raibh an méadú seo ar na fáltais ach páirtsoláthraithe sa soláthar measta toisc nár dearbhaíodh íocaíocht na suime iomláine in 2019 go dtí tráth tar éis an phróisis fhorlíontaigh.

**16 Fáltais ó fhíneálacha agus ó fhorghéillte i leith iascaigh farraige**

*Soláthar measta: €100,000, réadaithe: €292,000*

Bhain an méadú €192,000 le nádúr na bhfáltas seo a bheith ag athrú ag brath ar aimsithe agus ar na fíneálacha a íocadh ina dhiaidh sin.

**19 Táillí ceadúnais dobharshaothraithe**

*Soláthar measta: €412,000, réadaithe: €578,000*

Bhain an méadú €166,000 leis an méadú a tháinig ar líon na láithreacha dobharshaothraithe ceadúnaithe le blianta beaga anuas.

**20 Fáltais AE don *EMFF***

*Soláthar measta: €30 milliún, réadaithe: €23.03 milliún*

Bhain an laghdú €6.97 milliún le maoiniú an *EMFF* a bheith ar fionraí, agus atá fós, d'fhonn rialú agus forfheidhmiú. Tá roinnt iarrachtaí déanta ag Éirinn córas pointí a chur i bhfeidhm i ndáil le sáruithe tromchúiseacha ar rialacha an *CEP* atá déanta ag sealbhóirí ceadúnais ach tá an cás seo fós ar bun agus cé gur éilíodh go n-íocfar na cistí a caitheadh ar rialú agus forfheidhmiúchán ar ais, tá íocaíocht na hÉireann curtha ar fionraí ag an gCoimisiún go sealadach go dtí go mbeidh an próiseas agus na rialuithe faoi Chlár Oibríochta *EMFF* na hÉireann curtha i gcrích.

**22 Fáltais ó Chórais Bhianna Inbhuanaithe na hÉireann**

*Soláthar measta: €200,000, réadaithe: €74,000*

Bhain an laghdú €126,000 leis an mbaint a bhí ag Fáltais *SFSI* le caiteachais bhliantúla ar thionscadal *SFSI*, tá aisíocaíocht ag teacht ó gach ceann de na gníomhaireachtaí atá rannpháirteach, (Fiontar Éireann, Teagasc, Bord Bia

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Ús ar aisíoc i ndáil le tobhaigh siúcra a ró-íocadh | — | 428 |
| Cuntais ar fionraí a imréiteach | — | 550 |
| 1% Farasbarr forthobhaigh | 705 | — |
| Fáltais ó chabhlaigh an *SFPA* a dhíol | 419 | — |
| Curtha ar aghaidh chuig an Státchiste | (1,124) | (978) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **—** | **—** |

agus an *FSAI*) agus go raibh an caiteachas sin a bhí á aisíoc níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

# Nóta 5 Foireann a Sholáthar agus Luach Saothair

## 5.1 Employee numbers

| Coibhéisí iánaimseartha | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| An líon foirne ag deireadh na bliana | | |
| Roinn | 3,358 | 3,176 |
| Gníomhaireachtaí[a] | 1,609 | 1,520 |
| | **4,967** | **4,696** |

Nóta [a] Seo a leanas na gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne - An Bord Bia, Bord Iascaigh Mhara, Foras na Mara, An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus Teagasc.

## 5.2 Pá

**Aoisliúntais fhoireann na Roinne**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 163,536 | 156,844 |
| Liúntais i ndáil le dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 242 | 267 |
| Liúntais eile | 1,528 | 1,514 |
| Ragobair | 3,011 | 3,235 |
| Liúntais i ndáil le sealanna oibre | 659 | 562 |
| ÁSPC an fhostóra | 11,671 | 10,491 |
| **Pá iomlán** | **180,647** | **172,910** |

**Aoisliúntasgníomhaireachtaí**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 79,470 | 77,059 |
| Liúntais i ndáil le dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 979 | 818 |
| Liúntais eile | 588 | 111 |
| Ragobair | 162 | 145 |
| Íocaíochtaí aiscí | 307 | 117 |
| ÁSPC an fhostóra | 3,551 | 2,762 |
| **Pá iomlán** | **85,057** | **81,012** |

Nóta Ní bhaineann na sonraí liúntais, ragoibre agus luach saothair eile atá i nótaí 5.3 go dtí 5.5 thíos ach le foireann na Roinne agus sin amháin, agus a íoctar go díreach as an Vóta faoi chláir A go dtí D. Is féidir teacht ar fhaisnéis mionsonraithe a bhaineann le socruithe luacha saothair chomhlachtaí Stáit gaolmhara na Roinne ó natuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ó na comhlachtaí Stáit atá i gceist.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaigh-teoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Liúntais i ndáil le dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 81 | 2 | 12,410 | 11,932 |
| Liúntais I ndáil le sealanna oibre | 117 | 21 | 20,741 | 18,990 |
| Liúntais eile | 627 | 9 | 20,614 | 20,596 |
| Ragobair | 785 | 81 | 28,171 | 38,893 |
| Luach saothair breise I níos mó ná catagóir amháin | 347 | 172 | 39,614 | 42,531 |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €1,534,809 (comhlán) ar an iomlán le 68 státseirbhísigh ar scor, atá ag fáil pinsean státseirbhíse, a fostaíodh arís ar bhonn táille. Tá prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012 i gceist leis na táillí sin.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí

| | Líon na bhfaigh-teoirí | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 299 | 746,314 | 475,222 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 128 | 392,782 | 312 |

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú ón AE

Tugadh an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (*EAGF*) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (*EAFRD*) isteach faoi Rialachán (AE) Uimh, 1290/2005 ón gComhairle. Maoiníonn an ciste *EAGF* íocaíochtaí díreacha agus tacaíochtaí margaidh agus déanann an *EAFRD* cómhaoiniú ar bhearta forbartha tuaithe faoi chláir forbartha tuaithe ceadaithe.

Áirítear ar ghníomhaíochtaí na Roinne bearta atá maoinithe go hiomlán ag an *EAGF* agus gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an *EAFRD* agus ón Vóta.

Áirítear i gClár B caiteachas i ndáil le gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag an AE tríd an *EAFRD*. Áirítear i gClár C chomh maith caiteachas i ndáil le gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag Ciste Tréidliachta an AE. Áirítear i gCláir C agus D caiteachas i ndáil le gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag an AE tríd an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, 2014-2020 (*EMFF*). Áirítear i gClár B muirear €5.745 milliún chuig an Vóta do Mhaoiniú AE a dícheadaíodh mar gheall ar chinntí maidir le ceadú comhréireachta agus íocaíochtaí déanacha.

Áirítear sa chuntas ús €161,486 a íocadh ar iasachtaí gearrthréimhseacha €725 milliún a fuarthas ar iasacht in 2018 chun caiteachas Ráthaíochta *EAGF* a mhaoiniú go dtí go ndéantar é a aisghabháil ón AE. Aisíocadh na hiasachtaí, mar aon le hús, in 2019.

Fuarthas cistí gearrthréimhseacha arbh ionann iad agus €750 milliún ar an iomlán ar iasacht in 2019 chun caiteachas um Ráthaíocht *EAGF* a mhaoiniú go dtí go ndéantar iad a aisghabháil ón AE in 2020. Léirítear na hiasachtaí seo i ráitis airgeadais an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta (*EAGF*), an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (*EAFRD*) agus an Chiste Eorpaigh Muirí agus Iascaigh (*EMFF*), oibríochtaí na hÉireann.

**Ioncam agus caiteachas atá maoinithe ag an AE arna mbainistiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Scéim na h-íocaíochta dírí/scéim na híocaíochta bunúsaí | 1,204 | 1,208 |
| Idirghabháil/cúnamh do stóráil phríobháideach[a] | (12) | 19.5 |
| Tacaíochtaí margaidh eile [b] | 61.8 | 4.5 |
| Eile | (3) | (3) |
| **Fáltais chómhaoinithe (bearta arna gcómhaoiniú ag an AE)** [c] | | |
| | **2018** | **2018** |
| | **€000** | **€000** |
| An Clár Forbartha Tuaithe *EAFRD* | 299 | 387 |
| An Ciste Tréidliachta | 9 | 10 |
| Fáltais comhairgeadais eile | 1 | 1 |
| **Iascaigh** | | |
| *EFF* - An Ciste Eorpach Iascaigh 2007-2013 agus *EMFF* - An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014-2020 [d e] | 23 | 16 |
| | **1,583** | **1,643** |

Nótaí

a Ba mar thoradh ar an díol a bhí ar phúdar bainne bearrtha a bhí i stoc an €12.6 milliún.

b Bhain an méadú le Beart Cúnaimh Eisceachtúil *BEAM* €48.3 milliún.

c Ní thaispeántar ach an cómhaoiniú AE ar na cláir sin sa tábla seo.

d Tá fáltais €8.8 milliún an *EMFF* coinnithe i gcuntas fionraí (Airleacain AE) i gcomhréir le nósanna imeachta airgeadais poiblí.

e Faoi Airteagal 28 de Rialachán 908/214 déanfar na suimeanna a aisghabhtar a fhógairt agus iad a ghlanluacháil i gcoinne chaiteachas na scéime i gcás go dtagann dliteanas aisghabhála chun cinn.

## 6.2 Ró-íocaíochtaí tuarastail

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ró-íocaíochtaí scéime ag 1 Eanáir | 2,281 | 1,087 |
| Coigeartú maidir leis an scéim luathscoir | (6) | (7) |
| Ró-íocaíochtaí a ardaíodh sa bhliain | 15,506 | 20,260 |
| Ceartúcháin | (816) | (3,355) |
| Aisghabhálacha | (14,058) | (15,522) |
| Díscríobh (nóta 6.3) | (267) | (182) |
| Ró-íocaíochtaí scéime ag 31 Nollaig | **2,640** | **2,281** |

## 6.3 Díscríobh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Ró-íocaíochtaí scéimeanna:** | | |
| Scéimeanna foraoiseachta | 22,060 | 41,758 |
| An scéim um chosaint na timpeallachta tuaithe | 229,546 | 96,277 |
| Bisigh ilghnéitheacha AE agus scéimeanna limistéar-bhunaithe | 13,121 | 36,391 |
| Préimheanna Vóta Ilghnéitheach | 846 | 7,965 |
| Tréidlianna Príobháideacha | 1,174 | — |
| | 266,747 | 182,391 |
| **Custaiméirí:** | | |
| Aighneas i ndáil le riar scéime | — | 14,827 |
| Custaiméirí nach bhfuil ag trádáil a thuilleadh [a] | 1,630,294 | 18,475 |
| Ceadúnais dobharshaothraithe imithe in éag/tugtha suas agus nach ndearnadh iad a athnuachan | 7,429 | 28,061 |
| Cúiseanna eile | 6 | 2,035 |
| | **1,637,729** | **63,398** |

Nóta [a] Rinneadh athbhreithniú ar fhiachas leagáide in 2019 – mar thoradh air seo, sainaithníodh líon mór féichiúnaithe nach raibh i mbun trádála níos mó, agus sa chás nach raibh aon mhodh breise bailithe ann. Bhí sé seo mar bhonn leis an leibhéal díscríobhanna sa bhliain a mhéadú.

## 6.4 Costais chúitimh agus dlí

| | 2019 | | | | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí arna n-íoc ag an Roinn** | **Cúiteamh a bronnadh** | **Costais dlí a bronnadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Éilimh arna ndéanamh ag fostaithe na Roinne | 13 | 26 | 90 | 19 | 135 | 412 |
| Éilimh arna ndéanamh ag baill an phobail | 22 | 138 | 423 | 1,004 | 1,565 | 841 |
| | | **164** | **513** | **1,023** | **1,700** | **1,253** |

## 6.5 Tabhartais um Chabhair Bia

I mí na Nollag 2018 a chomhshínigh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chláir Bhia Dhomhanda (*WFP*) agus an Roinn Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí an Chláir Bhia Dhomhanda-na hÉireann 2019-2021. Rinneadh cur síos sa chomhaontú seo ar an tacaíocht níos mó a fuair a *WFP* le linn na tréimhse sin, de réir leithroinntí buiséid bhliantúla Dháil Éireann. Rinneadh cur síos sa chomhaontú trí bliana ar leithroinntí iltaobhacha €20 milliún ar a laghad sa bhliain, agus ba €70 milliún ar a laghad iomlán leithroinnte na trí bliana faoin gcomhaontú.

Déantar an leithroinnt seo mar thacaíocht leanúnach ar chuspóirí straitéiseacha reatha an Chláir Bhia Dhomhanda, is iad sin:

- Deireadh a chur leis an ocras tríd an teacht atá ar bhia a chosaint
- Cothú a fheabhsú
- Cinnteacht bia a bhaint amach
- Tacú le cur i bhfeidhm Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (an "*SDG*")
- Comhpháirtíocht do thorthaí *SDG*.

Scríobh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an *WFP* chuig an Roinn lena fháil amach an mbeadh Éire sásta íocaíocht amach luath ar leithroinnt 2020 a mheas. Chomhaontaigh an Roinn go ndéanfaí luathíocaíocht €22.3 milliún i ndáil le leithroinnt 2020, agus rinneadh an íocaíocht sin i Nollaig 2019, tá an tsuim sin san áireamh sna réamhíocaíochtaí sa ráiteas ar an staid airgeadais.

Is í an Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta (*FAO*) príomh-shainghníomaireacht na Náisiún Aontaithe a threoraíonn iarrachtaí idirnáisiúnta chun deireadh a chur le hocras ar fud na cruinne; chun slándáil bia a bhaint amach do chách; agus chun a chinntiú go mbíonn teacht rialta ag daoine ar go leor bia atá ar ardchaighdeán chun go mbeidh siad ábalta saol gníomhach agus sláintiúil a bhaint amach.

Baintear úsáid as síntiúis agus ranníocaíochtaí deonacha breise chuig an *FAO* chun cúnamh a chur ar fáil do 130 tír chun cuidiú leo talmhaíocht inbhuanaithe agus córais bhia inbhuanaithe a fhorbairt. Ba ionann ranníocaíocht na hÉireann (*DAFM*) chuig an *FAO* in 2019 agus €2.605 milliún (2018: €4.259m).

## 6.6 Íocaíochtaí Ex-gratia

Rinneadh íocaíocht ex-gratia arbh ionann í agus €50,000 le hIonad Eachaí Ghort na Silíní le cur i dtreo innealra feirmeoireachta a cheannach don ionad oideachais & oiliúna eachaí.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh ionann iad agus €250,000 le hIonad Eachaí na hÉireann mar thacaíocht ar na costais a bhain le stádas mar shaotharlann tagartha Eagraíochta Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe a bhaint amach agus a choinneáil.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia le líon eagraíochtaí i dtreo chostas reatha sheónna talmhaíochta éagsúla mar seo a leanas:

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | € | € |
| *Irish Shows Association* Ltd | 82,500 | 82,500 |
| Macra na Feirme | 75,000 | 75,000 |
| Bantracht na Tuaithe | 9,000 | 9,000 |
| *Irish Country Markets* Ltd | 6,000 | 6,000 |
| Cumann um Chapall Tarraingthe na hÉireann | 4,000 | 4,000 |
| Cumann na hEolaíochta Talmhaíochta | — | 2,000 |

## 6.7 Géilleadh iarchurtha

Cuimsítear sa ghéilleadh iarchurtha sábháil €19.8 milliún i gcaiteachas caipitil faoi na fo-cheannteidil seo a leanas.

| | | |
|---|---|---|
| B.10 | Foraoiseacht | €12.6 milliún |
| C.4 | Talmhaíocht agus bia a fhorbairt agus a chur chun cinn (nach feirm atá i gceist) | €5.4 milliún |
| C.5 | Deontas Teagasc | €1.8 milliún |

## Nóta 7 Ciste Rásaíochta Capall agus Con

Cuntas na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais (fo-cheannteideal C.7) | 84,000 | 80,000 |
| Íocaíochtaí | | |
| Rásaíocht Capall Éireann | 67,200 | 64,000 |
| Bord na gCon | 16,800 | 16,000 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | — |

## Aguisín A Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit a bhfuil smacht ag an Roinn orthu nó atá á mbainistiú ag an Roinn nach bhfuil aon luacháil déanta orthu

| **Maoin** | **Limistéar (Heicteáir)** |
|---|---|
| **Corcaigh** | |
| Inis Sionnach (lena n-áirítear droichead agus bóthar rochtana) | 45.7 |
| Saotharlann tástála fola, Bóthar na Modhfheirme | — |
| Saotharlann tréidliachta réigiúnach, Bóthar na Modhfheirme | 2.0 |
| Talamh nach talamh talmhaíochta de chuid Choimisiún na Talmhaíochta é, Áth na gCeannaithe | 56.5 |
| Plota foraoise, Baile Átha hÚlla | 1.0 |
| Plota foraoise, Bealach Eabhra | 1.6 |
| Plota foraoise, Dún ar Aill | 1.1 |
| Plota foraoise, Dún Mánmhaí | 0.8 |
| Plota foraoise, Cill an Mhuilinn | 0.1 |
| Plota foraoise, Cill Ia | 7.0 |
| Plota foraoise, Cill Uird | 0.8 |
| Plota foraoise, Áth Trasna | 1.5 |
| Plotaí foraoise, Bántír | 6.2 |
| Plotaí foraoise, Dúiche Ealla | 6.5 |
| Plotaí foraoise, Cineál Aodha | 5.9 |
| Plotaí foraoise, Ros Ó gCairbe | 11.0 |
| **Dún na nGall** | |
| Ionad tástála prátaí, Ráth Bhoth | 78.0 |
| Plota foraoise, Leitir Ceanainn | 0.2 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Plota foraoise, Coill an Chaoich | 0.7 |
| **Gaillimh** | |
| Talamh nach talamh talmhaíochta de chuid Choimisiún na Talmhaíochta é | |
| Cill Chúile | 1.7 |
| Coill na Meille | 1.3 |
| Saighleán | 1.7 |
| Ros Mór | 3.2 |
| Míleac Mór | 12.4 |
| Cúil Lú | 52.1 |
| **Maoin** | **Limistéar** |

| | (Heicteáir) |
|---|---|
| Tailte, Coláiste Teagasc, Baile Átha an Rí | 14.0 |
| Plota foraoise, Baile na hInse | 60.7 |
| Plota foraoise, Uachtar Ard | 7.0 |
| **Ciarraí** | |
| Talamh nach talamh talmhaíochta de chuid Choimisiún na Talmhaíochta é | |
| An Gleann Liath | 4.0 |
| Baile Uí Dhoinnléibhe | 284.6 |
| Plota foraoise, Neidín | 0.2 |
| **Cill Dara** | |
| Teachín Steach Cuimne, Bacastún | — |
| Tailte, Bacastún | 150.0 |
| **Cill Chainnigh** | |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Cill Chainnigh | 0.9 |
| Tailte, Coláiste Teagasc Chill an Dátúnaigh, Baile an Phoill | 18.0 |
| **Laoise** | |
| Plota foraoise, Darú | 2.2 |
| **Luimneach** | |
| Saotharlann Eolaíochta Déiríochta, Luimneach | 3.2 |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Luimneach | 1.2 |
| Plotaí foraoise, Áth Dara | 3.0 |
| **An Longfort** | |
| Talamh nach talamh talmhaíochta de chuid Choimisiún na Talmhaíochta é, An Ros Beag | 79.0 |
| **Maigh Eo** | |
| Talamh nach talamh talmhaíochta de chuid Choimisiún na Talmhaíochta é | |
| Baile Mhic Craith | 12.1 |
| An Doire | 34.8 |
| Plota foraoise, Béal Easa | 3.0 |

| **Maoin** | **Limistéar** |
|---|---|

| | (Heicteáir) |
|---|---|
| **Uíbh Fhailí** | |
| Talamh nach talamh talmhaíochta de chuid Choimisiún na Talmhaíochta é | |
| An Cloichreán | 8.2 |
| Baile Uí Aogáin | 44.7 |
| Plota foraoise, Tulach Mhór | 2.5 |
| **Ros Comáin** | |
| Talamh nach talamh talmhaíochta de chuid Choimisiún na Talmhaíochta é | |
| Baile na hAbhainne/Béal Coille | 4.6 |
| Cloonakillig | 0.7 |
| Cluain Seanmhaoil | 22.4 |
| Cluain Fada | 2.9 |
| Cloonboley | 4.9 |
| Cloonacolly | 4.4 |
| Cléithín | 0.6 |
| Cluain Ruacháin | 21.9 |
| An Tearmann Mór | 55.3 |
| Tonrevagh | 10.8 |
| Cluain Seamhair | 18.4 |
| Clonree | 25.7 |
| Moor | 32.6 |
| Lissergool | 5.3 |
| Plotaí foraoise, Loch Cé | 32.0 |
| **Sligeach** | |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Sligeach | 1.4 |
| Talamh nach talamh talmhaíochta de chuid Choimisiún na Talmhaíochta é, Cluain Chaoláin | 244.0 |
| Plota foraoise, Binn Ghulbain | 0.5 |
| **Tiobraid Árann** | |
| Plota foraoise, An Chloichín | 1.3 |
| Plota foraoise, Cluain Meala | 3.2 |
| Plota foraoise, Crois na Rae | 0.5 |
| Plotaí foraoise, Carraig na Siúire | 2.5 |
| Plotaí foraoise, Cill Síoláin | 1.9 |
| **An Iarmhí** | |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Baile Átha Luain | 1.7 |
| Plota foraoise, Baile na gCros | 0.2 |
| Plota foraoise, Loch Ainninn | 14.5 |

**Maoin** **Limistéar**

| | (Heicteáir) |
|---|---|
| **Loch Garman** | |
| Plota foraoise, Fotharta | 4.8 |
| Plotaí foraoise, Guaire | 11.1 |
| | |
| **Cill Mhantáin** | |
| Plota foraoise, Shelton | 0.2 |
| Plotaí foraoise, Avonmore | 1.0 |
| Plotaí foraoise, Áth na Sceire | 4.0 |
| Plotaí foraoise, Gleann Dá Loch | 7.6 |
| Plotaí foraoise, Teach Sagard | 1.4 |
| Plota foraoise, Gleann Ó Máil | 3.0 |

**Maoin ag Calafoirt Iascaigh**

Ina theannta sin, tá talamh agus foirgnimh ag sé lárionad cuain iascaigh dílsithe don Aire. Tugtar tuairisc ar leithligh orthu i gcuntas an Chiste um Lárionaid Chuanta Iascaigh.

## Aguisín B Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara

Is liosta atá sa tábla seo a leanas de na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus a bhfuil dualgas ar an Roinn na ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail an dáta ar síníodh an cuntas, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deiridh agus ar cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Ciste comhlachta /ciste rannach | An tréimhse deiridh cuntas-aíochta | Dáta na tuarascála iniúchóra | Dáta a fuair an tAire/Roinn í | Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---:|---:|---:|---:|
| An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe | 2018 | 27 Samhain 2019 | 3 Feabhra 2020 | 18 Meitheamh 2020 |
| Bord Bia | 2018 | 2 Deireadh Fómhair 2019 | 8 Samhain 2019 | 4 Nollaig 2019 |
| Bord na gCon | 2018 | 4 Meán Fómhair 2019 | 4 Meán Fómhair 2019 | 23 Deireadh Fómhair 2019 |
| Bord Iascaigh Mhara | 2018 | 23 Deireadh Fómhair 2019 | 22 Samhain 2019 | 19 Márta 2020 |
| Coillte Teoranta [a] | 2018 | 28 Márta 2019 | 29 Márta 2019 | 21 Bealtaine 2019 |
| An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta, An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - Oibríochtaí na hÉireann | 2018 | 22 Nollaig 2019 | 6 Eanáir 2020 | 7 Eanáir 2020 |
| An Ciste um Lárionaid Chuanta Iascaigh | 2018 | 20 Nollaig 2019 | 6 Eanáir 2020 | 31 Márta 2020 |
| Rásaíocht Capall Éireann | 2018 | 30 Meitheamh 2019 | 12 Iúil 2019 | 23 Meán Fómhair 2019 |
| Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta [b] | 2018 | 25 Márta 2019 | 23 Aibreán 2019 | 8 Bealtaine 2019 |
| Foras na Mara | 2018 | 9 Nollaig 2019 | 16 Nollaig 2019 | 28 Bealtaine 2020 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne [c] | 2018 | 20 Márta 2019 | 28 Lúnasa 2019 | 17 Meán Fómhair 2019 |
| An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | 2018 | 30 Meitheamh 2019 | 30 Iúil 2019 | 10 Deireadh Fómhair 2019 |
| Teagasc | 2018 | 26 Meitheamh 2019 | 2 Iúil 2019 | 19 Iúil 2019 |
| Iontaobhaí Poiblí na hÉireann | 2018 | 5 Aibreán 2019 | 5 Aibreán 2019 | 27 Bealtaine 2019 |

Nótaí

[a] Ní dhéanann an *C&AG* iniúchadh ar Coillte, atá ina chomhlacht tráchtála féinmhaoinithe stáit; cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir Alt 31 den Acht Foraoiseachta 1988, an t-acht faoinar bunaíodh é.

[b] Ní dhéanann an *C&AG* iniúchadh ar Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann, cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir Alt 25 den Acht Groighe Náisiúnta 1945, an t-acht faoinar bunaíodh é.

[c] Ní dhéanann an *C&AG* iniúchadh ar an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne, cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir Alt 18 d'Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil) 1994.